

AN CHOMHAIRLE NEAMHSPLEÁCH UM SHÁBHÁILTEACHT OTHAR



| TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL | 2020 |

Ceanglaítear i Rialacha Nós Imeachta agus Cód Iompair na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar a ghlac an Chomhairle in Iúil 2020 agus a d’fhaomh an tAire, go bhfoilsítear tuarascáil bhliantúil.

3. Téarmaí tagartha na comhairle neamhspleáiche um

3.1

- Cuirfidh an Chomhairle tuarascálacha faoi bhráid an Aire maidir lena gníomhaíochtaí, i dtuarascáil bhliantúil san áireamh, agus maidir le ceisteanna beartais sábháilteachta othar, ar aon dul lena clár oibre comhaontaithe. Is féidir leis an Aire, ar a uain sin, na tuarascálacha siúd a fhoilsiú.

Clár Ábhar

1. Ráiteas an Chathaoirligh	4
2. Tús Eolais ar an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar	5
3. Téarmaí Tagartha	6
4. Comhaltaí na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar	7
5. Gníomhaíocht na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar in 2020	8
– Clár Oibre Bliantúil 2020	8
– Covid-19	8
6. Moltaí don Aire ar Bheartas Náisiúnta Creat um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn	9
7. Moltaí maidir le Prionsabail um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte	11
8. Prionsabail Threoracha a fhorbairt don Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar	13

1. Ráiteas an Chathaoirligh



Is deas liom Tuarascáil Bhliantúil tionscnaimh na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Bunaíodh an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar le comhairle agus treoir neamhspleách a sholáthar don Aire Sláinte, ó réimse fairsing peirspictíochtaí, ar bheartas um shábháilteacht othar a fhorbairt agus ar oibreacha na Comhairle chun tacú le cultúr um shábháilteacht othar a chur chun cinn ar fud na seirbhísí sláinte.

Tá áthas orm a chur in iúl, inár gcéad tuarascáil bhliantúil, gur sholáthair an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar moltaí don Aire Sláinte maidir le creat beartais náisiúnta um nochtadh oscailte i gcúram sláinte in Éirinn.

Saincheist atá ina hábhar buartha i measc an iomaí othar agus úsáideoir seirbhíse é nochtadh oscailte. Cé go ndearnadh go leor oibre le hé a chur chun cinn inár gcóras cúraim sláinte in Éirinn, tá bacainní roimh fheabhas a chur ar nochtadh oscailte go fóill agus is féidir feabhas breise a chur air. Cuireann ár moltaí prionsabail agus cur chuige ardleibhéil i láthair i leith cur i bhfeidhm chun tacú le creat beartais náisiúnta a fhorbairt agus a leabú do nochtadh oscailte i gcúram sláinte in Éirinn.

Chaith an Chomhairle roinnt ama ina chéad bhliain d'oibriú ar bhealaí oibre agus prionsabail shoiléire threoracha a bhunú. Chabhraigh bunú na bprionsabal seo le tacú leis an gComhairle oibriú as lámh a chéile agus níos éifeachtaí agus an cuspóir coiteann ann cur go mór le beartas um shábháilteacht othar in Éirinn. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2021.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí na Comhairle a ndearna gach duine díobh a seacht ndícheall, agus ní ba mhó ná mar a raibh súil leis, san aird a thug siad ar obair na Comhairle, in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le paindéim COVID-19. Ba mhaith liom tacaíocht gan staonadh fhoireann na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Othar sa Roinn Sláinte a aithint, a d'éascaigh ár gcruinnithe agus iarrataí éagsúla agus a sholáthair tacaíocht dár n-obair.

An tUasal Noeline Blackwell, Cathaoirleach

An Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar

2. Tús Eolais ar an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar5

Cheap an tAire Sláinte, Simon Harris, an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar agus chuir sí a cruinniú tionscnaimh ar siúl an 27 Eanáir 2020. Cuireann an Chomhairle comhairle agus treoir ar fáil don Aire Sláinte ó réimse fairsing peirspictíochtaí ar bheartas um shábháilteacht othar a fhorbairt. Tá ar an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar tuarascáil bhliantúil a chur le chéile.

Cuireann an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar, faoi mar a iarrtar air, sainchomhairle, comhairle neamhspleách agus neamhchlaonta ar fáil don Aire Sláinte maidir le beartas náisiúnta um shábháilteacht othar, ag féachaint le cabhrú le cosc a chur ar dhíobháil a dhéanamh d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse cúraim sláinte.

Tugtar tús áite ar bhonn domhanda agus in Éirinn ó thaobh cúrsaí sláinte do shábháilteacht othar. Tá mar chuspóir ag tionscnaimh um shábháilteacht othar rioscaí, earráidí agus díobháil a mbíonn othair agus úsáideoirí seirbhíse thíos leo fad a bhíonn cúram sláinte á sholáthar a chosc agus a laghdú. Eascróidh ceapadh beartais feabhsaithe as réimse fairsing peirspictíochtaí a chur chun feidhme i mbeartas sábháilteachta othar, an pheirspictíocht othair agus úsáideora seirbhíse san áireamh. Cathaoirleach neamhspleách agus ionadaíocht shuntasach idir ceannairí cúraim sláinte agus othair atá i measc chomhaltaí na Comhairle a chuireann réimse fairsing saineolais agus taithí ar fáil óna bpeirspictíochtaí éagsúla.

Casann an Chomhairle ar a chéile 2 nó 3 huairé sa bhliain agus déanann siad comhaontú ar chlár oibre bliantúil leis an Aire Sláinte.

Foilsítear na cáipéisí ábhartha go léir, miontuairiscí gach cruinnithe agus sonraí faoi mholtaí san áireamh a rinne an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar ar leathanach gréasáin na Comhairle agus ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte ag an nasc seo a leanas:

<https://www.gov.ie/en/publication/6d9878-the-independent-patient-safety-council/>

3. Téarmaí tagartha na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar

- Cuirfidh an Chomhairle comhairle faoi bheartas agus treoír ar fáil don Roinn agus an tAire Sláinte, faoi mar a iarradh, ar shaincheisteanna um shábháilteacht othar ar aon dul le clár oibre lenar comhaontaíodh roimhe seo chun cabhrú le cosc a chur ar dhíobháil a dhéanamh d’othair agus d’úsáideoirí seirbhíse sláinte.
- Tabharfaidh an Chomhairle faoina hobair ar bhunús clár oibre lena gcomhaontaítear leis an Aire Sláinte chun gur féidir a dhearbhu go bhfuil a hiarrachtaí á gcur chun feidhme chun tacú le tosaíochtaí beartais náisiúnta, cé go bhfuil sí neamhspleách i dtabhairt faoina dualgais.
- Oibreoidh an Chomhairle chun tacú le cultúr um shábháilteacht othar a chur chun cinn ar fud na seirbhísí sláinte.
- Is féidir leis an gComhairle rialachas agus cur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta a scrúdú faoi mar a bhaineann siad le sábháilteacht othar laistigh den tseirbhís sláinte.
- Sainithneoidh an Chomhairle dea-chleachtais infheidhme maidir leis na ceisteanna ar leith um shábháilteacht othar atá á mbreithniú agus le deiseanna gaolmhara tagarmharcála.
- Cuirfidh an Chomhairle tuarascálacha faoi bhráid an Aire maidir lena gníomhaíochtaí, i dtuarascáil bhliantúil san áireamh, agus maidir le ceisteanna beartais sábháilteachta othar, ar aon dul lena clár oibre comhaontaithe. Is féidir leis an Aire, ar a uain sin, na tuarascálacha siúd a fhoilsiú.

4. Comhaltaí na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar

Tábla 1. Ballraíocht na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar

An tUasal Noeline Blackwell, Cathaoirleach	POF Ionad Éigeandála Bhaile Átha Cliath um Éigniú
An tUasal Phelim Quinn	POF an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
An tUasal Martin O’Halloran	Iar-POF an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, iar-chomhalta boird an Fhorais Riaracháin agus Chomhairle Rialaithe Fhoras Bainistíochta na hÉireann
An tOllamh Comhlach Paul D’Alton	Scoil Síceolaíochta UCD agus Ceann Síceolaíochta, Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann
An Dr Brian Place	Comhalta, Comhairle Othar na Gaillimhe
An tUasal Peggy Maguire	Ard-Stiúrthóir Institiúid na hEorpa um Shláinte Ban (EIWH)
An tUasal Brian Fitzgerald	Leas-POF, Ospidéal Beacon
An tOllamh Úna Geary	Stiúrthóir Cáilíochta, Sábháilteachta agus Feabhsúcháin, Ospidéal Naomh Séamus
An Dr Suzette Woodward	Saineolaí um Shábháilteacht Othar Idirnáisiúnta
An Dr Philip Crowley	Stiúrthóir Náisiúnta, Feabhsú Cáilíochta Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (a thosaigh i Samhain 2020)
An tOllamh Charles Normand	Ollamh Emeritus Beartais agus Bainistíochta Sláinte, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
An tUasal Brigid Doherty	Leas Pobail Othar
An tUasal Niamh Muldoon	POF agus Cláráitheoir Chomhairle na dTréidlianna
An tOllamh Gerry Fitzpatrick	Sainchomhairleoir san Ainéistéiseolaíocht agus Míochaine Dhianchúraim (ar scor)
An Dr Colm Henry	Príomhoifigeach Cliniciúil, FSS, imithe ar scor i Meán Fómhair 2020
An tUasal Kerrie Leonard	Leas Pobail Othar, imithe ar scor i Nollaig 2020
Rúnaí	
An tUasal Ciara Norton	Oifigeach Beartais, an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, an Roinn Sláinte

5. Gníomhaíocht na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar in 2020

Gníomhaíocht na Comhairle

Chas an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar ar a chéile trí huair in 2020, in Eanáir, Iúil agus Samhain. Thit cruinniú Eanáir amach sa Roinn Sláinte, Plaza Miesach, Sráid Bhagóid, Baile Átha Cliath 2. Thit cruinnithe Iúil agus na Samhna amach go fóirúil mar gheall ar shrianta COVID-19. Gníomhaíonn an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar (an ONSO) mar an rúnaíocht agus cuireann sé tacaíocht ar fáil don Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar. D'fhreastail an pearsanra ábhartha den ONSO agus den Roinn Sláinte ar na cruinnithe.

Clár Oibre 2020

Tugann an Chomhairle faoina hobair ar bhunús clár oibre lena gcomhaontaítear leis an Aire Sláinte chun gur féidir a dhearbhu go bhfuil a hiarrachtaí á gcur chun feidhme chun tacú le tosaíochtaí beartais náisiúnta, cé go bhfuil sí neamhspleách i dtabhairt faoina dualgais. Maidir leis an gclár oibre don bhliain 2020, d'iarr Aire Sláinte na linne sin, Simon Harris, ar an gComhairle tabhairt faoi scrúdú ar bheartas nochtá oscailte i gcúram sláinte ar leibhéal náisiúnta agus moltaí a dhéanamh leis maidir le creat beartais náisiúnta a fhorbairt maidir le nochtadh oscailte i gcúram sláinte in Éirinn. Is é Nochtadh Oscailte i gcúram sláinte an plé oscailte a dhéanann an soláthraí cúraim sláinte le hothair nó úsáideoirí seirbhíse, a dteaghlaigh nó daoine tacaíochta nuair a théann rud éigin in aimhréidh a rinne díobháil do nó a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'othar nó úsáideoir seirbhíse.

COVID-19

D'imir paindéim Covid-19 tionchar mór ar an mbealach a tugadh faoi obair na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar. Chuaigh an Chomhairle in oiriúint go tapa do chleachtais oibre nua lena chinntiú go bhféadfaí leanúint den obair, trí chomhaontú ar fhreastal ar chruinnithe ar líne trí Zoom agus Teams agus trí oibriú go cianda.

In ainneoin an tionchair a d'imir paindéim COVID-19 ar thosaíochtaí oibre laistigh den earnáil sláinte i rith 2020, aithníonn an Chomhairle gur lean an Roinn Sláinte le tús áite agus tacaíocht a thabhairt dá cuid oibre a ghlac ról ceannaireachta chun freagairt do phaindéim Covid-19.

6. Moltaí don Aire maidir le Creat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn

D'iarr an tAire ar an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar moltaí a chur le chéile maidir le Creat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn. Agus a moltaí á n-ullmhú, d'iarr an Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar ar an Roinn Sláinte athbhreithniú neamhspleách fianaise agus comhairliúchán náisiúnta páirtithe leasmhara agus poiblí a choimisiúnú leis an gcúlra riachtanach a sholáthar dóibh.

Choimisiúnaigh an Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Othar, an Roinn Sláinte, Crowe Consultants thar ceann na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar chun an méid seo a leanas a dhéanamh;

- Taighde agus comhairliúchán a dhéanamh ar “Cad is cur chuige comhtháiteach ann i leith nochtadh oscailte i gcúram sláinte in Éirinn agus conas is féidir a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm é agus go leabaítear é go héifeachtach i seirbhísí sláinte na hÉireann?” agus
- Tacú leis an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar chun moltaí a chur le chéile don Aire maidir le prionsabail, cur chuige agus nochtadh oscailte a chur i bhfeidhm i gcúram sláinte i gcomhthéacs na hÉireann.

Tuarascáil na Moltaí don Aire maidir le Creat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn agus an Fhianaise chun tacú leis an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar.

Sholáthair an Chomhairle a Moltaí don Aire maidir le Creat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn in Eanáir 2021.

Chuir an tAire Sláinte, Stephen Donnelly, fáilte roimh na Moltaí mar chéim mhór chun cinn chun cultúr cumarsáide oscailte, ionraic agus trédhearcaí a fhorbairt, a chothú agus a leabú ar fud na hearnála sláinte, go háirithe d’othair, úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlaigh nuair a théann rud éigin in aimhréidh a rinne díobháil do nó a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh d’othar nó úsáideoir seirbhíse.

De bhua na moltaí seo agus cur chuige um chur i bhfeidhm ardleibhéil, forbróidh an Roinn Sláinte Creat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn.

Is féidir teacht ar Mholtaí na Comhairle Neamhspleáiche um Shábháilteacht Othar do Chreat Beartais Náisiúnta do Nochtadh Oscailte agus Tuarascáil Crowe, Fianaise chun Tacú leis an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar um Fhorbairt Moltaí ar Chreat Beartais Náisiúnta um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte in Éirinn (2021) ag an nasc seo a leanas:

<https://www.gov.ie/en/publication/6d9878-the-independent-patient-safety-council/#recommendations-to-the-minister-on-a-national-policy-framework-for-open-disclosure-in-healthcare-in-ireland>

7. Moltaí maidir le Prionsabail um Nochtadh Oscailte i gCúram Sláinte

Cuimsítear sna moltaí sraith prionsabal a chuirfidh an bonn faoin gcreat. Seo a leanas iad:

Cumarsáid Oscailte, Ionraic, Atruach, agus Thráthúil

Ciallaíonn seo gur gá an t-eolas ceart go léir a insint d’othair/úsáideoirí seirbhíse agus do theaghlaigh ag an am ceart nuair a d’imigh rud éigin in aimhréidh maidir lena gcúram, nár cheart rud ar bith a cheilt, agus gur cheart don fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta agus d’eagraíochtaí atá bainteach caitheamh leo le meas agus le hatrua.

Teidlíochtaí Othar/Úsáideoirí Seirbhíse agus Daoine Tacaíochta i Nochtadh Oscailte

Luaitear sa phrionsabal seo go bhfuil othair/úsáideoirí seirbhíse agus teaghlaigh i dteideal a bheith curtha ar an eolas nuair a d’imigh rud éigin in aimhréidh ina gcúram sláinte, go mínítear dóibh go soiléir é, go ngabhtar leithscéal leo, agus go gcuirtear ar an eolas iad ar an méid a rinneadh le hiarracht a dhéanamh é a chur ina cheart. Ba cheart go mbeidís in ann cabhair a fháil lena thuiscint cad a tharla agus chun déileáil leis an bpróiseas nochta oscailte.

Tacú le Foireann Sláinte agus Cúraim Shóisialta

Anuas ar thacú leis an othar/úsáideoir seirbhíse agus a dteaghlach nuair a d’imigh rud éigin in aimhréidh ina gcúram sláinte, ba cheart cabhrú leis agus tacaíocht a thabhairt do na baill foirne atá bainteach chun déileáil leis an méid a tharla ar an mbealach is fearr – don othar/úsáideoir seirbhíse agus an teaghlach agus dóibh féin. Ba cheart go mbeadh an t-eolas ag an bhfoireann a theastaíonn uathu chun gurb eol dóibh conas an méid a tharla a phlé le hothair/úsáideoirí seirbhíse agus teaghlaigh ar an mbealach is fearr.

Cultúr Nochta Oscailte a Chur chun Cinn

Teastaíonn ón bprionsabal seo go dtugann na córais sláinte agus chúraim shóisialta aghaidh ar na fadhbanna a chruthaíonn deacracht don fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta an t-eolas ceart a sholáthar ag an am ceart d’othair/úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlaigh. Ciallaíonn sé gur gá d’eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a bhfoireann a spreagadh seo a dhéanamh ar an mbealach ceart agus gan eagla a chur orthu ar an méid a d’fhéadfadh tarlú má chuireann siad duine éigin ar an eolas gur imigh rud éigin in aimhréidh.

Nochtadh Oscailte chun Beartas agus Cleachtas Sláinte agus Cúraim Shóisialta a Fheabhsú

Nuair a théann rudaí in aimhréidh i gcúram othair/úsáideora seirbhíse, tá deis ann le feabhas a chur ar an mbealach a dhéantar rudaí, chun nach dtarlaíonn an fhadhb seo arís nó chomh minic céanna amach anseo. Caithfidh córais a bheith i bhfeidhm ag eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta le foghlaim ó chásanna ina ndeachaigh rudaí in aimhréidh agus an fhoireann a spreagadh a bheith ionraic faoi bhotúin nó fadhbanna chun gur féidir rudaí a fheabhsú.

Rialachas Cliniciúil agus Corparáideach do Nochtadh Oscailte

Leagtar amach sa phrionsabal seo an méid ba cheart a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil nochtadh oscailte ag titim amach ar an mbealach ceart agus an méid ba cheart a dhéanamh mura bhfuil. Caithfidh córais a bheith i bhfeidhm ag eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta leis an méid atá ag tarlú le nochtadh oscailte a rianú agus tuairisciú a dhéanamh air seo go rialta. Caithfidh an fhoireann go léir an méid ba cheart titim amach maidir le nochtadh oscailte agus na hiarmhairtí a bheidh i gceist a thuiscint go soiléir nuair nach dtugtar an t-eolas ceart d’othair/úsáideoirí seirbhíse agus teaghlaigh. B’fhéidir go ngearrfar pionóis ar eagraíochtaí nach bhfuil seo ar bun iontu.

8. Prionsabail Threoracha a fhorbairt don Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar

Tugadh faoi phróiseas le prionsabail a fhorbairt a threoróidh obair na Comhairle. Chuir an Chomhairle roinnt plé agus ar siúl agus d'éascaigh sí ceardlann le sraith choiteann prionsabail threoracha a cheapadh agus a chomhaontú lena chinntiú go gcuireann an Chomhairle go fiúntach le beartas um shábháilteacht othar in Éirinn a fhorbairt. Ceadaíodh na prionsabail a forbraíodh don Chomhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar i Samhain 2020.

Prionsabail Threoracha

AN CHOMHAIRLE NEAMHSPLEÁCH UM SHÁBHÁILTEACTH OTHAR

Le comhairle agus treoir neamhspleách a sholáthar óna n-eascaíonn feabhsúcháin leanúnacha agus mharthanacha ar shábháilteacht othar ar fud na hÉireann, ba cheart dúinn díriú na cúig bhealach seo a leanas:

1. Cultúr sábháilteachta othar agus cultúr cóir a chur chun cinn a chinntíonn foghlaim, oscailteacht agus trédhearcacht agus cuntasacht leanúnach ag gach céim agus ar gach leibhéal den chóras sláinte.
2. Feasacht agus tuiscint ar na coincheapa agus na teoiricí is déanaí a fhorbairt, bealaí a mholadh inar féidir an córas oideachas, scileanna agus deiseanna a sholáthar don fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse chun feabhas a chur ar shábháilteacht othar agus sábháilteacht a bhunú ar fud an chórais trí chéile.
3. Bheith curtha ar an eolas ag faisnéis agus léargas ó fhoinsí iolracha le comhionannas, cur chuige atá bunaithe ar chearta daonna agus éagsúlacht an ghlóir a chinntiú trí leas a bhaint as eispéiris agus scéalta daoine, anuas ar eolaíocht sábháilteachta othar agus sonraí sábháilteachta.
4. Comhairle a chur ar fáil ar an tús áite a thugtar do chlár agus idirghabháil ardluacha óna n-eascaíonn feabhsúcháin leanúnacha agus mharthanacha ar shábháilteacht othar.
5. A thábhachtaí atá sé éifeachtacht na hidirghabhála a dtugtar tús áite dóibh a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú lena chinntiú go n-aithníonn aon athruithe a theastaíonn an timpeallacht chasta ina n-oibríonn agus ina maireann daoine, go háirithe réadúlacht an chultúir reatha agus iompar daoine agus foirne agus na dálaí faoina n-oibríonn siad.

Arna ghlacadh ag an gComhairle Neamhspleách um Shábháilteacht Othar i Samhain 2020



An Roinn Sláinte
Department of Health

An Roinn Sláinte

Bloc 1, Plaza Miesach
50-58 Sráid Bhagóid
Íochtarach, Baile Átha
Cliath 2, D02 VW90, Éire

Guthán: +353 1 6354000

Facs: +353 1 6354001

www.health.gov.ie